## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2006*

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A* *(40 Marc)*

***De Luain 19 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.00***

### *Treoracha*

*(a) Freagair **sé cheist déag** ar bith.*
*(b) Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*
*(c) Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*
*(d) **Ní mór** an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*
*(e) Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáidfear.*

***Scrúduimhir:***

Uimhir an Ionaid


| | |
|---|---|
| | |
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4(a) nó 4(b) | |
| 5 | |
| **Móriomlán** | |
| | |

## ROINN A - 40 MARC


**Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ón liosta a thugtar, ainmnigh na tairní a thaispeántar.

**A**



**B**



**Tacóid ghearrtha**
**Tairne rocach**
**Stápla**
**Tairne ceannleathan**
**Sreangthairne ubhchruthach**
**Sreangthairne cruinn**


**AINM A** ______ **AINM B** ______

**2.** Ainmnigh an uirlis a bhfuil an lipéad **A** uirthi sa léaráid agus luaigh an úsáid a bhaintear aisti.

**AINM** ______

**ÚSÁID** ______


**A**



**NÓ**

Ainmnigh an uirlis a bhfuil an lipéad **B** uirthi sa léaráid agus luaigh an úsáid a bhaintear aisti.


**B**




**AINM** ______

**ÚSÁID** ______

**3.** Taispeánann an léaráid píosa adhmaid agus marc caoinaghaidhe air.
Taispeáin an marc **caoinsleasa** ina áit cheart ar an sceitse.



**4.** Ainmnigh an feistiú a thaispeántar agus luaigh an úsáid cheart a bhaintear as.




**AINM**

**ÚSÁID**

**5.** Luaigh na crainn ar an liosta óna dtagann na **duilleoga** seo.

**A**



**B**




**FUINSEOG**
**PÉINE**
**DAIR**
**CUILEANN**
**SEICEAMAR**
**BEITH**

**AINM A**

**AINM B**

**6.** Taispeánann an léaráid sleamhainchloch. Baintear úsáid as sleamhainchloch chun faobhar a chur ar uirlisí áirithe. Ainmnigh cineál uirlise amháin a gcuirtear faobhar uirthi le sleamhainchloch.




**AINM**

**7.** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is ceart a dhéanamh nuair a bhíonn plainc fhada á n-iompar sa seomra ranga.

1.

2.


**8.** Cén fheidhm (úsáid) atá le caidhp iarainn i bplána?




**FREAGRA**

| |
|---|
| |
| |

**9.** Taispeánann an léaráid trasghearradh de chrann.
Ainmnigh an t-adhmad geal a thaispeántar ag **A**?





**FREAGRA**

**10.** Taispeáin le **X** cad a tharlóidh do na miotail seo a leanas má éiríonn siad fliuch.


| | Tiocfaidh meirg air | Ní thiocfaidh meirg air |
|---|---|---|
| **Airgead** | | |
| **Alúmanam** | | |
| **Cruach** | | |
| **Iarann** | | |
| **Sinc** | | |

**11.** Ainmnigh an t-alt (siúnta) a thaispeántar sa léaráid.




**AINM**


**12.** Cén fáth a n-úsáidtear corc chun bloic ghreanála a dhéanamh?



**FREAGRA** [ ]

**13.** Ón liosta a thugtar, ainmnigh na páirteanna den deil a thaispeántar ag **A** agus ag **B**.





**LÁR ROTHLACH**
**CÚLSTOC**
**CAILIPÉAR**
**LEABA**
**CEANNSTOC**
**PLÁTA FÁSÁLA**


**A** [ ] **B** [ ]

**14.** Taispeánann an léaráid leathalt coirnéil atá á choinneáil le chéile ag G-chlampa. Cén fáth a gcuirtear píosa fuíolladhmaid ag **A**?





**AINM** [ ]

**15.** Tá plaistigh roinnte ina dhá ngrúpa, plaistigh theirmithéachtacha agus theirmiplaistigh. Cén grúpa lena mbaineann peirspéacs (aicrileach)?




**FREAGRA** [ ]

**16.** Ainmnigh an uirlis chumhachta a thaispeántar sa léaráid.




**AINM**

**17.** Críochnaigh an léaráid de leathalt déadach.




**18.** Taispeánann an léaráid bradmheana.
Cén úsáid a bhaintear as bradmheana?




**FREAGRA**

**19.** Nuair a bhítear ag sábhadh spreotaí adhmaid (tamhain) ina bplainc fágtar an choirt orthu uaireanta. Is minic a thiteann an choirt sin díobh nuair a éiríonn sí tirim.
Cad a thugtar ar an bhfabht (locht) seo?



**FREAGRA**

**20.** Baintear úsáid as CAD chun líníochtaí teicniúla a dhéanamh ar ríomhaire.
Cad dó a seasann na litreacha CAD (i mBéarla)?




**C** [ ] **A** [ ] **D** [ ]

**<u>NÍ MÓR AN LEABHRÁN SEO A THABHAIRT AR AIS I nDEIREADH AN SCRÚDAITHE.</u>**

LEATHANACH BÁN

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2006***

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn B* *(60 Marc)*

### *Treoracha*


*(a) Freagair **trí** cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*
*(b) Nuair is gá sceitsí, is féidir sceitsí saorláimhe a dhéanamh nó úsáid a bhaint as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil.*
*(c) Scríobh do scrúduimhir ar do leabhar freagraí agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

**1.** Taispeánann an léaráid seilf leabhar atá insuite ar bhalla. Tá an t-aonad déanta as péine sholadach.

(i) Déan cur síos ar mhodh (bhealach) oiriúnach chun an taobh **A** a shiúntáil leis an mbun **B**. Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí,

(ii) Is gá a bheith ábalta airde na seilfeanna a athrú suas síos. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí chun modh amháin a mholadh is féidir a úsáid chun tacú leis na seilfeanna ach iad a bheith inathraithe.

(iii) Tá bailchríoch le cur ar an aonad le bailchríoch ola nó le bailchríoch vearnais. Roghnaigh **ceann amháin** de na bailchríocha sin agus déan cur síos mion ar na céimeanna is gá chun í a chur ar an tionscadal.




**2.** Taispeánann an léaráid líníocht phictiúrtha de leabharthaca. Tá an t-ábhar go léir **20mm** ar tiús.

(i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **A**.


(ii) Teilg **Taobhchló** ón gcló sin.

(iii) Cuir isteach **ceithre** . phríomhthoise ar an líníocht agus taispeáin go soiléir na toislínte agus na cinn saighde.




**3.** Taispeánann an léaráid carn adhmaid atá á stálú in  áith.

(i) Ainmnigh na píosaí adhmaid atá in úsáid chun na plainc a scaradh óna chéile. Mínigh cén fáth a mbaineann tábhacht leis na píosaí adhmaid sin.




(ii) Má dhéantar plainc a stálú go róthapa is féidir cineálacha éagsúla fabhtaí a theacht orthu. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí le cur síos a dhéanamh ar **dhá cheann** ar bith de na fabhtaí sin.


(iii) Is é an modh  stálaithe eile ná stálú in aer nó stálú nádúrtha.
Déan comparáid idir an dá mhodh stálaithe faoi na ceannteidil a leanas:
(a) Cion taise
(b) Am
(c) Costas.

**Freagair A nó B**

**4A.** Taispeánann an léaráid bosca stórála le haghaidh ábhar scríofa litreacha. Tá snoíodóireacht le déanamh ar chlaibín (bharr) an bhosca.



(i) Déan cur síos ar conas is féidir dearadh an chlúdaigh litreach a aistriú ón bpáipéar go dtí an claibín. Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí.




(ii) Tarraing sceitse néata d'uirlis oiriúnach snoíodóireachta chun an dearadh seo a shnoí. Ainmnigh an uirlis sin.

(iii) Baintear úsáid as inse pianó don chlaibín. Luaigh **dhá** chúis gur rogha mhaith é sin.

**NÓ**

**4B.** Taispeánann an léaráid pictiúr atá déanta as veiníri atá curtha le bonnchlár M.D.F.


(i) Bain úsáid as nótaí agus léaráidí agus déan cur síos mion ar conas a ghearrtar veiníri as spreotaí.



(ii) Tá an pictiúr le leagan ar dheasc. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus dear taca oiriúnach.

(iii) Mínigh conas a spáráltar adhmad atá gann agus daor nuair a úsáidtear veiníri.

**5.** Nuair a bhíonn trealamh líníochta á iompar go dtí an scoil agus abhaile is furasta é a bhriseadh. Taispeánann an léaráid bosca stórála le claibín peirspéacs (aicrileach) air is féidir a úsáid chun an trealamh a chosaint.



(i) Mol ábhar oiriúnach chun iad seo a leanas a dhéanamh:
(a) Taobhanna an bhosca
(b) Bonn an bhosca.
Tabhair **dhá** chúis le do rogha i ngach cás.

(ii) Is gá an taobh istigh den bhosca a roinnt chun an trealamh a thaispeántar a choinneáil. Déan léaráid néata chun leagan amach maith de na roinnteoirí agus de threalamh an bhosca a thaispeáint.

(iii) Mol **trí** réamhchúram is gá a dhéanamh nuair a bhítear ag druileáil an phoill sa chlaibín chun nach ndéanfaí an peirspéacs a scoilt.